**An Bhruiséil, 19 Aibreán 2024**
**(OR. en)**

**7593/24**

**CDR 40**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar seisear comhaltaí agus seisear comhaltaí malartacha, arna moladh ag an bPoblacht Heilléanach, de Choiste na Réigiún<br>- Glacadh |

1. I litir dar dháta an 12 Eanáir 2024[1], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis na sainorduithe ar dá mbun a moladh Konstantinos AGORASTOS, Konstantinos BAKOYANNIS, Dimitrios KARNAVOS, Ioannis KOURAKIS, Rodi KRATSA, agus Georgios PATOULIS, comhaltaí de Choiste na Réigiún a cheapadh, agus go raibh deireadh tagtha leis na sainorduithe ar dá mbun a moladh Nikolaos CHIOTAKIS, Katerina CHRYSSOPOULOU, Dimitrios KALOGEROPOULOS, Georgios KASAPIDIS, Dimitrios PETROVITS, agus Nikolaos VAFEIADIS, comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún a cheapadh.

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 5537/24.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhaltaí a chur in ionad Ioannis KOURAKIS agus Georgios PATOULIS, mhol Rialtas na Gréige[2] Nikolaos CHARDALIAS, *περιφερειάρχης Αττικής* (gobharnóir, réigiún na hAtaice), agus Ioannis MYLONAKIS, *δήμαρχος, Δήμος Αγίας Παρασκευής*(méara, bardas Agia Paraskevi), ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla nó réigiúnacha iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás áitiúil nó réigiúnach, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

4. Chun na poist sin atá fágtha folamh ag Konstantinos AGORASTOS, Konstantinos BAKOYANNIS, Dimitrios KARNAVOS, agus Rodi KRATSA a líonadh, mhol Rialtas na Gréige[3] go ndéanfaí, ar bhonn sainorduithe náisiúnta éagsúla, Konstantinos AGORASTOS, *περιφερειακός σύμβουλος Θεσσαλίας* (comhairleoir réigiúnach, réigiún na Teasáile), Konstantinos BAKOYANNIS, *δημοτικός σύμβουλος, Δήμος Αθηναίων* (comhairleoir bardais, bardas na hAithne), Dimitrios KARNAVOS, *δημοτικός σύμβουλος, Δήμος Καλλιθέας* (comhairleoir bardais, bardas Kallithea), agus Rodi KRATSA, *περιφερειακή σύμβουλος Ιονίων Νήσων* (comhairleoir réigiúnach, réigiún Iónach) a athcheapadh, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla nó réigiúnacha iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás áitiúil nó réigiúnach, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

[2] 7361/24.
[3] 7556/24.

5. Chun comhaltaí a chur in ionad Katerina CHRYSSOPOULOU, Dimitrios KALOGEROPOULOS, agus Nikolaos VAFEIADIS, mhol rialtas na Gréige[4] Meropi-Spiridoula IDRAIOU, *δημοτική σύμβουλος, Δήμος Κεντρικής Κερκύρας και Διαποντίων Νήσων* (comhairleoir bardais, bardas na n-oileán Corfú Láir agus Diapontia), Ioannis IOANNIDIS, *δημοτικός σύμβουλος, Δήμος Αμαρουσίου* (comhairleoir bardais, bardas Amaroussion), Nikolaos KARAPANOS, *δημοτικός σύμβουλος, Δήμος Ιεράς Πόλεως Μεσολογγίου* (comhairleoir bardais, bardas chathair naofa Messologhi), ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla nó réigiúnacha iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás áitiúil nó réigiúnach, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

6. Chun na poist sin atá fágtha folamh ag Nikolaos CHIOTAKIS, Georgios KASAPIDIS, agus Dimitrios PETROVITS a líonadh, mhol Rialtas na Gréige[5] Nikolaos CHIOTAKIS *περιφερειακός σύμβουλος Αττικής* (comhairleoir réigiúnach, réigiún na hAtaice), Georgios KASAPIDIS, *περιφερειακός σύμβουλος Δυτικής Μακεδονίας* (comhairleoir réigiúnach, réigiún na Macadóine Thiar), agus Dimitrios PETROVITS, *δημοτικός σύμβουλος, Δήμος Αλεξανδρούπολης* (comhairleoir bardais, bardas Alexandroupolis), ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla nó réigiúnacha iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás áitiúil nó réigiúnach, a athcheapadh, ar bhonn sainorduithe náisiúnta éagsúla, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

7. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh, a leagtar amach in 7591/24, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

4 7361/24.

5 7556/24.